



An Coimisiún
Eorpach

ROCHTAIN AR CHEARTAS I gCÚRSAÍ COMHSHAOIL

CÉN TAIRBHE A BHAINFIDH AN POBAL AS?

Ciallaíonn rochtain ar cheartas i gcúrsaí comhshaoil gur féidir le daoine dul chun cúirte ...

Ní mór do shaoránaigh a bheith in ann dul chun cúirte mura bhfuil meas ag údaráis phoiblí ar na cearta agus na ceanglais a chruthaítear le dlíthe comhshaoil AE.

... chun a sláinte agus an timpeallacht nádúrtha a chosaint.

Baineann na dlíthe seo le cosaint a thabhairt do shláinte an duine agus don dúlra.

Tugann dlíthe AE maidir le huisce glan, cáilíocht aeir, bainistíocht dramhaíola agus topaicí eile cearta don phobal

- faisnéis a fháil maidir leis an gcomhshaoil,
- a bheith rannpháirteach i gcinntí, agus
- a sláinte a chosaint trí theorainneacha ar thruaillíú.



Tagann cearta chun cinn freisin as dlíthe AE maidir le cosaint an dúlra. Tá ról tábhachtach ag saoránaigh ó thaobh dea-thimpeallacht nádúrtha a choimeád.

Ní mór d'údaráis phoiblí íosriachtanais áirithe a chomhlíonadh nuair a thugann siad freagra ar iarratais ar fhaisnéis, nuair a théann siad i gcomhairle leis an bpobal, nuair a sheiceálann siad staid an aeir agus an uisce, nuair a ullmhaíonn siad pleananna chun an comhshaoil a chosaint, agus nuair a chuireann siad srian ar ghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith díobhálach.


CÉN FÁTH A BHFUIL ROCHTAIN AR CHEARTAS TÁBHACHTACH?

Nuair nach gcuirtear i bhfeidhm go comhleanúnach na cearta agus na ceanglais sin ar fud AE, is féidir leis bac a chur ar dhul chun cinn maidir le cuspóirí comhshaoil AE a bhaint amach agus is féidir leis cosc a chur ar shaoránaigh ó thairbhe iomlán a bhaint as dlíthe comhshaoil AE.

CAD ATÁ I gCEIST LEIS?

Is pacáiste ráthaíochtaí atá i gceist le rochtain ar cheartas i gcúrsaí comhshaoil agus áirítear leis ...

Soláthraíonn rochtain ar cheartas i gcúrsaí comhshaoil pacáiste ráthaíochtaí a thugann deis do shaoránaigh, lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha, a iarraidh ar chúirt náisiúnta a sheiceáil cibé ar thug údarás poiblí urraim do na cearta agus ar chomhlíon sí na ceanglais dlí a luadh thuas.



... an ceart éisteacht a fháil ó bhreitheamh náisiúnta

I bhformhór na dtíortha, tá srian ar rochtain ar chúirteanna. Ní mór d'éilitheoir fios a bheith aige/aici go bhfuil sé de cheart aige nó aici éisteacht a fháil. Ciallaíonn sé sin go gcaithfidh sé nó sí a léiriú go bhfuil dóthain spéise aige/aici nó go ndearnadh díobháil dá chearta/cearta. Chomh fada is a bhaineann sé leis an gcomhshaoil, ní bhíonn sé éasca i gcónaí ceart maidir le héisteacht a fháil a léiriú. Feictear nach féidir leis na "héisc dul chun Cúirte".

Bealach amháin le déanamh cinnte go mbíonn rochtain ar cheartas is ea a aithint gur chóir go mbeadh eagraíochtaí neamhrialtasacha in ann éilimh a chur chun tosaigh chun cosaint a thabhairt don chomhshaoil.



... a scrúdóidh an cás

Tá sé de chúram ar an mbreitheamh náisiúnta a sheiceáil cibé ar ghníomhaigh an t-údarás poiblí i gceart. Ciallaíonn sé sin na fíricí maidir le gníomh nó easpa gnímh an údaráis a scrúdú. Ciallaíonn sé freisin scrúdú a dhéanamh ar cad a iarraidh ar an údarás a dhéanamh faoi na dlíthe comhshaoil atá i gceist.

Tá sé mar aidhm le rochtain ar cheartas i gcúrsaí comhshaoil a chinntiú go ndéanann an breitheamh náisiúnta scrúdú ceart ar shaincheisteanna dleathacha arna n-ardú ag saoránaigh agus ag eagraíochtaí neamhrialtasacha.



... agus a thabharfaidh ordú rudaí a chur ina gceart

Gníomhartha neamhdhleathacha - nó easpa gnímh - a dhéanann údarás poiblí a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh do shláinte saoránach nó don timpeallacht nádúrtha. Má tá an díobháil a dhéantar tromchúiseach, d'fhéadfadh an breitheamh ordú a thabhairt don údarás poiblí gníomh a ghlacadh

Tá sé mar aidhm le rochtain ar cheartas i gcúrsaí comhshaoil a chinntiú gur féidir le cúirteanna náisiúnta ordú a thabhairt go gcuirfí cúrsaí ina gceart.



... i bpróiseas inacmhainne.

Tá sé costasach dul chun cúirte. Bíonn costais dlíodóirí agus costais eile i gceist. I bhformhór na dtíortha, ní mór don pháirtí a chailleann costais an taoibh eile a íoc chomh maith lena gcostais féin. Nuair a bhíonn baol ann go gcaithfear go leor airgid a íoc cuireann sé drochmhisneach ar dhaoine.

Tá sé mar aidhm le rochtain ar cheartas i gcúrsaí comhshaoil a chinntiú nach mbíonn na costais maidir le dul chun cúirte coiscteach.

CÉN CHAOI A gCUIDÍONN AN tAONTAS EORPACH?

Cuidíonn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh le cúirteanna náisiúnta ...

Is cúirteanna dlí AE iad cúirteanna náisiúnta. Tá siad ann chun seasamh le cearta agus le ceanglais. Déanann siad é sin de réir a dtraidisiúin dlíthiúla féin, ach ní mór dóibh léirmhínte comónta den mhéid a theastaíonn i ndlí AE a chur i bhfeidhm. Cuidíonn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh leo sa tasc sin, foras a oibríonn don Aontas Eorpach ina iomlán.

Is gá do chúirteanna náisiúnta a iarraidh uaireanta ar Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh pointí tábhachtacha dlí a shoiléiriú. Cuidíonn sé sin chun léirmhínte - agus torthaí éagsúla - a sheachaint i mBallstáit dhifriúla.

... chun na ráthaíochtaí sin a sheachadadh

Ó na 1990í, bhí cúirteanna náisiúnta ag iarraidh ar Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a shoiléiriú conas ba cheart dóibh déileáil leis na ráthaíochtaí difriúla atá luaite thuas. Mar gheall air sin tá corpas tábhachtach rialuithe ann chun cuidiú leo.

Dheimhnigh Cúirt AE in 2008 go raibh sé de cheart ag áitritheoir as Munich éisteacht a fháil maidir le truailiú aeir contúirteach

D'iarr áitritheoir as Munich ar chúirt as an nGearmáin ordú a eisiúint ag iarraidh ar Rialtas na Baváire plean cáilíochta aeir a dhréachtú chun truailiú aeir a laghdú ina chomharsanacht. Ní raibh stáisiún tomhais cháilíocht an aeir ach 900 méadar uaidh, rud a thaispeáin gur sáraíodh luachanna-teorann cáilíochta aeir AE maidir le hábhar cáithnínach níos mó ná 35 huairé in 2005-2006. Ar dtús báire, dúirt cúirt as an nGearmáin leis nach raibh aon cheart aige éisteacht a fháil. Mar sin féin, i ndiaidh ceisteanna a cuireadh uirthi, sheas Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh lena cheart cás a thionscnamh. Is é an réasúnaíocht a bhí aici go raibh duine éigin a raibh fadhbanna sláinte aige i dteideal éileamh a chur faoi bhráid cúirt náisiúnta ionas go n iarrfaí gníomh a ghlacadh.

Dheimhnigh Cúirt AE in 2014 gur cheart cúrsaí a chur ina gceart maidir le truailiú aeir contúirteach sa Ríocht Aontaithe

D'iarr eagraíocht neamhrialtasach comhshaoil ar chúirteanna sa Ríocht Aontaithe ordú a thabhairt don rialtas pleananna atá riachtanach faoi dhlí AE a fheabhsú d'fhonn leibhéil chontúirteacha de dhé-ocsaíd nítrigine i 16 limistéar uirbeacha, lena n áirítear Mórcheantar Londan, a laghdú. Bíonn tionchar ag leibhéil arda de dhé-ocsaíd nítrigine ar shláinte na milliún duine as an mBreatain, go háirithe grúpaí leochaileacha cosúil le leanaí agus daoine aosta. Rialaigh an chéad chúirt as an Ríocht Aontaithe nach fúithi ordú a thabhairt don rialtas bearta cáilíochta aeir a fheabhsú ach lorg Cúirt Uachtarach as an Ríocht Aontaithe treoir ó Chúirt Bhreithiúnais AE. Rialaigh an chúirt sin gur cheart don chúirt náisiúnta aon bheart is gá a ordú chun an plean truailithe aeir a thabhairt ar aon dul le reachtaíocht AE maidir le cáilíocht aeir.

Dheimhnigh Cúirt AE in 2011 go bhfuil sé de cheart ag eagraíocht neamhrialtasach as an tSlóvaic éisteacht a fháil chun an béal donn a chosaint

Rinne eagraíocht neamhrialtasach comhshaoil achomharc os comhair cúirte as an tSlóvaic i gcoinne cinneadh riaracháin a dhiúltaigh stádas di a thabharfadh deis di cur i gcoinne an chaoi a raibh údarás na Slóvaice ag cosaint an bhéir dhonn. Baineann an speiceas sin tairbhe as cosaintí dlí faoi dhlí caomhnaithe dúlra AE. I ndiaidh ceisteanna a cuireadh faoina bráid, rialaigh an Chúirt gur cheart do chúirteanna náisiúnta iarracht a dhéanamh a mhéid is féidir chun ceart éisteachta a dheonú d'eagraíocht neamhrialtasach i gcás den sórt sin.



... agus tugann an Coimisiún treoir maidir leis an méid a bhí le rá ag an gCúirt AE

Tá Fógra glactha ag an gCoimisiún a thugann le chéile agus a mhíníonn rialuithe Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh d'fhonn cabhrú le daoine aonair, eagraíochtaí neamhrialtasacha, riarthóirí poiblí agus cúirteanna náisiúnta agus gnóthaí rochtain ar cheartas i gcúrsaí comhshaoil a thuiscint agus cuidiú le Ballstáit agus le cúirteanna náisiúnta a gcuid ráthaíochtaí a sheachadadh.



© Stockphoto/Peimal

<http://ec.europa.eu/environment/aarhus/index.htm>

Cover photo credit: © Stockphoto/Garsha; AVTG; RobertoDavid; BartCo